



Suí iomlánach

A8-0081/2019

21.2.2019

MOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an Socrú a thabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Ríocht na hIorua, Poblacht na hÍoslainne, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin, den pháirt eile, i dtaca le rannpháirtíocht na Stát sin sa Ghníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscaála sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (15832/2018 – C8-0035/2019 – 2018/0316(NLE))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Monica Macovei

(Nós imeachta simplithe – Rial 50(1) de na Rialacha Nós Imeachta)

Eochair do na siombailí a úsáidtear

- * An nós imeachta comhairliúcháin
- *** Nós imeachta an toilithe
- ***I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- ***II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- ***III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	5
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN	6
NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH	8

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

ar an dréachtchinnadh ón gComhairle maidir leis an Socrú a thabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Ríocht na hIorua, Poblacht na hÍoslainne, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin, den pháirt eile, i dtaca le rannpháirtíocht na Stát sin sa Ghníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórsála sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (15832/2018 – C8-0035/2019 – 2018/0316(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don dréachtchinnadh ón gComhairle (15832/2018),
 - ag féachaint don dréachtsocrú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua, Poblacht na hÍoslainne, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin (12367/2018),
 - ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a chuir an Chomhairle isteach i gcomhréir le hAirteagal 74, le hAirteagal 77(2)(a) agus (b), Airteagail 78(2)(e), 79(2)(c), 82(1)(d), 85(1), 87(2)(a) agus 88(2) agus le hAirteagal 218(6), an dara fómhír, pointe (a)(v) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C8-0035/2018),
 - ag féachaint do Rial 99(1) agus (4) agus Rial 108(7) dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A8-0081/2019),
1. Ag tabhairt a toilithe chun an socrú a thabhairt i gcrích;
 2. Á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus rialtais agus parlaimintí Ríocht na hIorua, Poblacht na hÍoslainne, Chónaidhm na hEilvéise agus Phrionsacht Lichtinstéin.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

A. Cúlra

I gcomhréir le hAirteagal 74, Airteagal 77(2)(a) agus (b), Airteagail 78(2)(e), 79(2)(c), 82(1)(d), 85(1), 87(2)(a) agus 88(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) in éineacht le hAirteagal 218(6)(a)(v) CFAE, is riachtanach rannpháirtíocht na dtíortha comhlacha in obair na Gníomhaireachta Eorpaí le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórsála sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (an Gníomhaireacht), ag féachaint dá gcomhlachas le *acquis* Schengen agus le bearta a bhaineann le Baile Átha Cliath agus Eurodac agus dá rannpháirtíocht i gcórais TF ar mhórsála arna n-oibriú ag an nGníomhaireacht.

In Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, lena mbunaítear an Gníomhaireacht, sonraítear an méid seo a leanas: *“Faoi fhorálacha ábhartha a gcomhaontuithe comhlachais, déanfar socrúithe chun, inter alia, cineál agus méid rannpháirtíocht na dtíortha atá comhlachaithe le cur chun feidhme, le cur i bhfeidhm agus le forbairt acquis Schengen agus le bearta a bhaineann le Eurodac in obair na Gníomhaireachta, lena n-áirítear forálacha maidir le ranníocaíochtaí airgeadais, maidir leis an bhfoireann agus le cearta vótála a shonrú, agus déanfar socrúithe chun na rialacha mionsonraithe maidir le rannpháirtíocht na dtíortha sin a shonrú freisin.”* Is iad na tíortha dá dtagraítear in Airteagal 37 ná Ríocht na hIorua, Poblacht na hÍoslainne, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin, dá ngairtear “tíortha comhlacha” ina dhiaidh seo.

Tuairtear leis an Dréachtsocrú rannpháirtíocht iomlán na dtíortha comhlacha i ngníomhaíochtaí na Gníomhaireachta [Airteagal 1], ionadaíocht ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta agus cearta vótála teoranta acu maidir le cinntí áirithe [Airteagal 2], ionadaíocht i nGrúpaí Comhairleacha na Gníomhaireachta agus cearta vótála teoranta acu maidir leis na cinntí dá dtagraítear faoi Airteagal 2 [Airteagal 3], ranníocaíochtaí airgeadais bliantúla ó na tíortha comhlacha le buiséad na Gníomhaireachta i dtaca le SIS, VIS, DubliNet agus EES i bhfoirm suim bhliantúil arna ríomh i gcomhréir lena OTI mar chéatadán de OTI na Stát go léir atá rannpháirteach in obair na Gníomhaireachta agus, i dtaca le Eurodac, i bhfoirm suim bhliantúil ar céatadán seasta í (céatadán sonrach i gcás gach tíre comhláí) de na leithreasuithe buiséadacha don bhliain airgeadais. [Airteagal 4 agus Iarscríbhinn I]. Sa dréachtsocrú, sainítear tuilleadh stádas dlíthiúil na Gníomhaireachta sna tíortha comhlacha [Airteagal 5], dliteanas na Gníomhaireachta i dtaca leis na tíortha comhlacha [Airteagal 6], aitheantas ó na tíortha comhlacha do dhlínse na Cúirte Breithiúnais i dtaca leis an nGníomhaireacht [Airteagal 7], pribhléidí agus díolúintí na Gníomhaireachta sna tíortha comhlacha, agus maolú ar na rialacháin foirne lena gceadaítear do náisiúnaigh de chuid na dtíortha comhlacha a bheith fostaithe faoi chonradh ag an nGníomhaireacht [Airteagal 9]. Ar deireadh, tá sa dréachtsocrú forálacha maidir leis an gcalaois a chomhrac [Airteagal 10], réiteach díospóidí [Airteagal 12], teacht i bhfeidhm [Airteagal 14] agus bailíocht agus foirceannadh [Airteagal 15].

Tharchuir an Chomhairle an dréachtchinneadh atá ann faoi láthair faoi shíniú an tSocráithe leis na tíortha comhlacha i dtaca le rannpháirtíocht na Stát sin sa Gníomhaireacht chuig Parlaimint na hEorpa.

B. Seasamh an Rapóirtéara

Meabhraíonn an Rapóirtéir gur gá a áirithiú go ndéanfar rannpháirtíocht na dtíortha comhlacha in obair na Gníomhaireachta a leagan amach go soiléir sa Socrú i ndáil le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011. I dtaca leis sin, cuireann sí fáilte roimh an Dréachtchinneadh a cuireadh faoi bhráid na Parlaiminte le haghaidh toilithe ina bhfuil na gnéithe is gá chun rannpháirtíocht na dtíortha comhlacha a áirithiú agus ina socráítear na coinníollacha faoinar féidir leis an rannpháirtíocht sin a bheith ann.

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

Teideal	Socrú le Ríocht na hIorua, Poblacht na hÍoslainne, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i dtaca le rannpháirtíocht na Stát sin sa Ghníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscaála sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais	
Tagairtí	15832/2018 – C8-0035/2019 – COM(2018)0606 – 2018/0316(NLE)	
Dáta an chomhairliúcháin / na hiarrata ar thoilíú	22.1.2019	
An Coiste freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	LIBE 30.1.2019	
Coistí ar iarradh tuairim orthu Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	BUDG 30.1.2019	CONT 30.1.2019
Gan tuairim a thabhairt Dáta an chinnidh	BUDG 13.9.2018	CONT 10.9.2018
Rapóirtéirí Dáta an cheapacháin	Monica Macovei 1.10.2018	
Nós imeachta simplithe - dáta an chinnidh	27.9.2018	
Pléite sa choiste	19.2.2019	
Dáta an ghlactha	19.2.2019	
Dáta don chur síos	21.2.2019	